C/2024/4418

8.7.2024

TUAIRIM ÓN MBANC CEANNAIS EORPACH

an 15 Bealtaine 2024

ar Mholadh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an leasú ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra agus ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne (CON/2024/16)

(C/2024/4418)

Réamhrá agus bunús dlí

An 16 Aibreán 2024, fuair an Banc Ceannais Eorpach (BCE) iarraidh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar thuairim maidir le Moladh ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an leasú ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Prionsacht Andóra agus ar an gComhaontú Airgeadaíochta le Poblacht San Mairíne ([1]) (dá ngairtear an 'cinneadh atá beartaithe' anseo feasta).

Tá inniúlacht BCE tuairim a thabhairt bunaithe ar Airteagal 219(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear, i gcás inar gá don Aontas comhaontuithe a bhaineann le cúrsaí airgeadaíochta nó cúrsaí córais mhalairte eachtraí a chaibidil le tríú Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisiúnta amháin nó níos mó, go ndéanfaidh an Chomhairle, ar mholadh ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le BCE, na socruithe a chinneadh do chaibidlíocht agus do thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe sin. I gcomhréir leis an gcéad abairt d'Airteagal 17.5 de Rialacha Nós Imeachta an Bhainc Ceannais Eorpaigh, tá an Chomhairle Rialaithe tar éis an tuairim seo a ghlacadh.

1. **Barúlacha ginearálta**

1.1. In 2011, tugadh Comhaontú Airgeadaíochta idir an tAontas agus Prionsacht Andóra ([2]) i gcrích, agus ina dhiaidh sin in 2012 tugadh Comhaontú Airgeadaíochta i gcrích idir an tAontas agus Poblacht San Mairíne ([3]) (dá ngairtear na 'Comhaontuithe Airgeadaíochta' anseo feasta). I mí na Nollag 2023, thug an Coimisiún an chaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhlachais le hAndóra agus San Mairíne ([4]) (dá ngairtear an 'Comhaontú Comhlachais' anseo feasta) i gcrích.

1.2. Is díol sásaimh do BCE cuspóirí an chinnidh atá beartaithe, eadhon dúbailt iarrachtaí comhchosúla a sheachaint faoi chuimsiú na gComhaontuithe Airgeadaíochta agus an Chomhaontaithe Comhlachais, ar thaobh an Aontais agus ar thaobh Andóra agus San Mairíne araon. Tá forluí páirteach ann idir gníomhartha dlí an Aontais atá le cur chun feidhme ag Andóra agus San Mairíne de bhun na gComhaontuithe Airgeadaíochta agus an Chomhaontaithe Comhlachais. Mura dtabharfar aghaidh ar an bhforluí sin, bheadh dúbailt iarrachtaí ann ós rud é go ndéanfaí faireachán comhthreomhar ar chur chun feidhme ghníomhartha dlíthiúla forluiteacha an Aontais faoi chuimsiú na gComhaontuithe Airgeadaíochta agus an Chomhaontaithe Comhlachais.

1.3. Ag an am céanna, tugann BCE faoi deara go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag tabhairt isteach na leasuithe ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta a bheartaítear sa chinneadh atá beartaithe ar chreat na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Bunaítear Comhchoiste leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta, ([5]) a bhfuil ról ríthábhachtach aige sa mheasúnú ar chur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta. I gcás an Chomhaontaithe Airgeadaíochta idir an tAontas agus Andóra, tá an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ó Andóra, ón gCoimisiún, ón Spáinn, ón bhFrainc agus ó BCE. Ionadaithe

([1]) COM(2024) 134 final.
([2]) IO C 369, 17.12.2011, lch. 1.
([3]) IO C 121, 26.4.2012, lch. 5. Tháinig an Comhaontú Airgeadaíochta seo in ionad an Chomhaontaithe Airgeadaíochta a bhí ann roimhe seo idir Poblacht na hIodáile, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, agus Poblacht San Mairíne (IO C 209, 27.7.2001, lch. 1).
([4]) Féach an phreaseisiúint ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023, 'Is díol sásaimh don Choimisiún deireadh na caibidlíochta le haghaidh Comhaontú Comhlachais le hAndóra agus San Mairíne', atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.ec.europa.eu. Ní fhaca BCE téacs an Chomhaontaithe Comhlachais, mar a comhaontaíodh é ar leibhéal na n-idirbheartaithe, cé gurb é an Comhaontú Comhlachais foinse na n-athruithe atá beartaithe ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta.
([5]) Airteagal 11 de na Comhaontuithe Airgeadaíochta.

ó San Mairíne, ón gCoimisiún, ón Iodáil agus ó BCE atá ar Chomhchoiste an Chomhaontaithe Airgeadaíochta idir an tAontas agus San Mairíne. Tuigeann BCE go mbeidh comhdhéanamh an Fhochoiste a dhéanfaidh measúnú ar chur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais ach atá marcáilte mar a bheith ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta an-difriúil le comhdhéanamh Chomhchoistí na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Níl sé beartaithe go mbeidh BCE ina chomhalta oifigiúil den Fhochoiste. Mar gheall ar thábhacht na leasuithe atá beartaithe, tá BCE den tuairim gur cheart baint iomlán a bheith aige leis an gcaibidlíocht ina réimse inniúlachta, i gcomhréir leis an gcleachtas a bhí ann roimhe seo.

2. **Barúlacha sonracha**

2.1. Luaitear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcinneadh atá beartaithe go ndéanfar gníomhartha dlí an Aontais maidir leis an dlí baincéireachta agus airgeadais agus maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus 'ábhartha don euro' a mharcáil go soiléir amhlaidh ionas go ndéanfar é sin freisin chun críocha na gComhaontuithe Airgeadaíochta nuair a dhéanfar measúnú ar a gcur chun feidhme i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Comhlachais. Mínítear go bhfuil sé ar intinn ag seirbhísí an Choimisiúin iarraidh ar a gcontrapháirtithe BCE a bheith páirteach i dtoscaireacht an Choimisiúin chuig an bhFochoiste um sheirbhísí airgeadais arna bhunú faoin gComhaontú Comhlachais nuair a bheidh cur chun feidhme ghníomhartha an Aontais atá ábhartha freisin maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta á phlé. Is díol sásaimh do BCE go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún cuireadh a thabhairt do BCE chuig cruinnithe an Fhochoiste nuair a bheidh ábhar an phlé ábhartha do chur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Ní shonraítear sa chinneadh atá beartaithe conas a dhéanfaí rannpháirtíocht den sórt sin a chur ar bhonn foirmiúil agus cén stádas a bheadh ag BCE sna cruinnithe sin. Tuigeann BCE go dtabharfaí cuireadh dó freastal ar chruinnithe ábhartha an Fhochoiste mar bhreathnóir.

2.2. Leis an gcinneadh atá beartaithe, déantar foráil maidir le foráil a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta trína mbeidh na gníomhartha nua uile a bhaineann le fothacar ghníomhartha dlí an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais atá ábhartha don euro agus gach gníomh dlí nua de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac mar chuid den Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais go heisiach nuair a thiocfaidh na gníomhartha dlí sin de chuid an Aontais chun bheith infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais ([6]). Luaitear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcinneadh atá beartaithe go bhféadfaidh codanna éagsúla den phrótacal maidir le seirbhísí airgeadais an Chomhaontaithe Comhlachais teacht i bhfeidhm ar bhealach forásach le haghaidh na Stát comhlachaithe. Dá bhrí sin, go dtí go dtiocfaidh gníomhartha dlí an Aontais a thagann faoi dheighleog ar leith chun bheith infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais, leanfaí d'*acquis* ábhartha an Aontais a ionchorprú agus a mheas sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta.

2.3. Tugann BCE faoi deara go bhféadfadh dul in éag suntasach a bheith ann idir glacadh an Chomhaontaithe Comhlachais agus teacht i bhfeidhm, i gcás na Stát comhlachaithe, dheighleoga an phrótacail maidir le seirbhísí airgeadais lena n-ionchorpraítear gníomhartha dlí de chuid an Aontais maidir leis an dlí baincéireachta agus airgeadais agus maidir le sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac. Dá bhrí sin, chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart a lua go sainráite i bhforáil ábhartha na gComhaontuithe Airgeadaíochta ([7]), má ghlactar gníomh dlí de chuid an Aontais de *acquis* ábhartha an Aontais nó má leasaítear é sula dtiocfaidh sé chun bheith infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais, go gcuirfear leis na hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta é agus go n-aistreofar é chuig an Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais a luaithe a thiocfaidh sé chun bheith infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais. Thairis sin, ní shoiléirítear leis an gcinneadh atá beartaithe an pointe beacht ama ina measfar go mbeidh gníomhartha dlí an Aontais a bhaineann le deighleog ar leith den phrótacal maidir le seirbhísí airgeadais infheidhme faoin gComhaontú Comhlachais. Is gá soiléireacht a bheith ann maidir leis an ngné sin chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú maidir leis an amlíne chun freagrachtaí a aistriú ó chreat na gComhaontuithe Airgeadaíochta go creat an Chomhaontaithe Comhlachais.

([6]) Féach Airteagal 1(1), pointe (a), den chinneadh beartaithe.

([7]) Mar a thagraítear dó in Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a), den chinneadh beartaithe.

2.4. Bunaítear leis an gcinneadh atá beartaithe gur cheart foráil a áireamh sna Comhaontuithe Airgeadaíochta lenar cheart gníomhartha dlí an Aontais maidir leis an dlí baincéireachta agus airgeadais is gá don euro agus gníomhartha dlí uile an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac atá liostaithe sa Chomhaontú Comhlachais ach atá ábhartha maidir le húsáid rianúil agus cosaint an euro a mharcáil go soiléir ([8]). D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngníomhartha sin ag an dá Stát chomhlachaithe faoin gComhaontú Comhlachais chun críocha na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Is díol sásaimh do BCE gur cuireadh foráil den sórt sin isteach, ós rud é gurb é príomhfhoráil an chinnidh atá beartaithe é chun dúbláil idir na Comhaontuithe Airgeadaíochta agus an Comhaontú Comhlachais a sheachaint. Ag an am céanna, cuireann BCE in iúl go bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le cur chun feidhme an bhirt sin. Níl sé soiléir fós an bhfuil foráil ina bhfuil an t-ábhar céanna le cur san áireamh sa Chomhaontú Comhlachais freisin agus cé a dhéanfadh cinneadh maidir le gníomhartha dlí an Aontais a mharcáil de réir mar is ábhartha do chur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Tá BCE réidh le páirt a ghlacadh sa chúram sin. D'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcleachtadh marcála, mar shampla, i gcruinnithe an Fhochoiste um sheirbhísí airgeadais a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais. Thairis sin, chun deimhneacht dhlíthiúil níos fearr a sholáthar, mholfadh BCE gníomhartha dlí ábhartha an Aontais a mharcáil mar 'ábhartha do chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe Airgeadaíochta', seachas mar 'ábhartha don euro', 'riachtanach don euro' nó 'ábhartha d'úsáid rianúil agus cosaint an euro'.

2.5. Thairis sin, molann BCE go mbunófaí san fhoráil chéanna, tar éis cruinnithe maidir le stádas chur chun feidhme ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn ábhartha a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais agus a mharcáiltear a bheith ábhartha do chur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta, go roinnfear 'scarbhileog cur chun feidhme' le Comhchoiste ábhartha na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Ina éagmais sin, tá baol ann go ndéanfar gníomhartha dlí áirithe de chuid an Aontais a mharcáil mar ghníomhartha atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta agus an ráiteas go ndéanfar an measúnú ar chur chun feidhme na ngníomhartha dlí sin faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Comhlachais ag an am céanna chun críocha na gComhaontuithe Airgeadaíochta gan aon chríoch. Ní mór Comhchoistí na gComhaontuithe Airgeadaíochta a chur ar an eolas go cuí faoi stádas chur chun feidhme na ngníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais chun a chinneadh an bhfuil aon tionchar aige ar chur i bhfeidhm na gComhaontuithe Airgeadaíochta. Tuigeann BCE go bhfuil foráil den chineál céanna le cur san áireamh sa Chomhaontú Comhlachais.

2.6. Moltar sa chinneadh atá beartaithe foráil a chur isteach lena mbunaítear go ndéanfaí fothacar de ghníomhartha dlí an Aontais maidir le dlí baincéireachta agus airgeadais atá ábhartha don euro agus gach gníomh dlí nua de chuid an Aontais maidir le sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, tar éis dóibh a bheith mar chuid den Chomhaontú Comhlachais, a ionchorprú go huathoibríoch sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta má chuirtear an Comhaontú Comhlachais ar fionraí go páirteach nó go hiomlán nó má fhoirceanntar é ([9]). Ar mhaithe le hiomláine, molann BCE go soiléireofaí go mbeadh measúnú ar chur chun feidhme ghníomhartha dlí ábhartha an Aontais ag gabháil leis an bpróiseas sin freisin, measúnú a dhéanfaí faoi chuimsiú na gComhaontuithe Airgeadaíochta.

2.7. Is díol sásaimh do BCE an cinneadh atá beartaithe foráil a chur isteach sna Comhaontuithe Airgeadaíochta lena n-áiritheofaí go leanfaidh gníomhartha dlí de chuid an Aontais de chineál dlí airgeadaíochta de bheith á rialú go heisiach ag na Comhaontuithe Airgeadaíochta ([10]). Mar a mhínítear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an gcinneadh atá beartaithe, áirítear i ngníomhartha dlí de chineál dlí airgeadaíochta bearta dlíthiúla i réimsí nótaí bainc agus bonn, calaoise agus góchumtha, tuairisciú staidrimh do BCE, agus gníomhartha faoi Airteagal 133 den Chonradh. Dá bhrí sin, is éard atá iontu, *inter alia*, na gníomhartha dlí uile arna nglacadh ag BCE a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta.

([8]) Féach Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a), den chinneadh beartaithe.
([9]) Féach Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a), den chinneadh beartaithe.
([10]) Féach Airteagal 1, an chéad mhír, pointe (a), den chinneadh beartaithe.

2.8. Ar deireadh, bunaítear leis an gcinneadh atá beartaithe go bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún amháin an leasú ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta le hAndóra agus San Mairíne a chaibidliú, a thabhairt i gcrích agus a shíniú ([11]). Tugann BCE faoi deara go n-imíonn sé sin ón gcleachtas a leanadh go dtí seo, ina raibh BCE comhlachaithe go hiomlán leis na caibidlíochtaí maidir leis na Comhaontuithe Airgeadaíochta ina réimse inniúlachta ([12]). Ina theannta sin, ní mionleasú ná leasú teicniúil é an leasú ar na Comhaontuithe Airgeadaíochta atá le caibidliú le hAndóra agus San Mairíne de bhun an chinnidh atá beartaithe. Mar a luaitear i mír 1.3 den tuairim seo, tá iarmhairtí tábhachtacha ag an leasú atá beartaithe ar chreat na gComhaontuithe Airgeadaíochta, go háirithe maidir le ról na gComhchoistí arna mbunú sna Comhaontuithe Airgeadaíochta. Dá bhrí sin, ba cheart a shuí leis an gcinneadh atá beartaithe go mbeidh baint iomlán ag BCE leis an gcaibidlíocht ina réimse inniúlachta, i gcomhréir leis an gcleachtas roimhe seo.

I gcás ina molann BCE go leasófar an chinneadh atá beartaithe, leagtar amach tograí sonracha maidir le dréachtú i ndoiciméad oibre teicniúil ar leith a mbeidh téacs míniúcháin chun na críche sin ag gabháil leis. Tá an doiciméad oibre teicniúil ar fáil i mBéarla ar EUR-Lex.

Arna déanamh in Frankfurt am Main, an 15 Bealtaine 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

([11]) Féach Airteagal 2 den chinneadh beartaithe.

([12]) 12. Féach Airteagal 7 de Chinneadh 1999/97/CE ón gComhairle (IO L 30, 4.2.1999, lch. 33); Airteagal 7 de Chinneadh 2004/548/CE ón gComhairle (IO L 244, 16.7.2004, lch. 47); agus Airteagal 3 de Chinneadh 2009/904/CE ón gComhairle (IO L 322, 9.12.2009, lch. 12).